Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Samhain 2021
(OR. en)

14110/21

DEVGEN 207
ACP 117
RELEX 993
SUSTDEV 160

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 19 Samhain 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13445/21 |
| Ábhar: | Saineolas na hEarnála Poiblí Eorpaí i nGníomhaíocht Sheachtrach an Aontais Eorpaigh<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 19 Samhain 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le saineolas na hearnála poiblí Eorpaí i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais, a ghlac an Chomhairle ag an 3828ú cruinniú a bhí aici, an 19 Samhain 2021.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le**
**Saineolas na hEarnála Poiblí Eorpaí**
**i nGníomhaíocht Sheachtrach an Aontais Eorpaigh**

**COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

1. MEABHRAÍTEAR DI go bhforáiltear leis an Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda (NDICI – An Eoraip Dhomhanda) don tréimhse 2021-2027, go bhféadfaidh comhar idir an tAontas agus a chomhpháirtithe a bheith ina bhearta comhair riaracháin agus theicniúil, agus ina fhothú acmhainneachta. Áirítear leis sin gníomhaíochtaí lena gcomhroinntear taithí na mBallstát ar chur chun feidhme gníomhaíochtaí idirthréimhseacha nó athchóirithe, amhail comhar díláraithe trí bhíthin comhpháirtíochtaí nó nascadh, idir institiúidí poiblí, lena n-áirítear údaráis áitiúla, comhlachtaí dlí poiblí nó eintitis phríobháideacha dlí a gcuirfear de chúram orthu cúraimí seirbhíse poiblí Ballstáit agus cúraimí seirbhíse poiblí tíre comhpháirtíochta nó réigiúin comhpháirtíochta. Áirítear freisin bearta comhair a mbeidh baint ag saineolaithe ón earnáil phoiblí a sheolfar ó na Ballstáit agus óna n-údaráis réigiúnacha agus áitiúla leo.

2. AITHNÍONN SÍ saineolas na hearnála poiblí mar chomhar teicniúil idirnáisiúnta lena slógtar saineolas ó institiúidí poiblí Bhallstáit uile an Aontais ar mhaithe le hathchóiriú agus beartais inbhuanaithe cuimsitheacha forbartha a chur chun cinn trí eolas a mhalartú idir piaraí agus trí chomhpháirtíochtaí institiúideacha le tíortha comhpháirtíochta chun tacú le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, go háirithe Spriocanna 16 agus 17, mar aon le Comhaontú Pháras.

3. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur réimse é soláthar an tsaineolais atá ag an earnáil phoiblí Eorpach lena ngabhann breisluach sainiúil don Aontas ó tharla é fréamhaithe i samhlacha láidre de chuid an bheartais phoiblí Eorpaigh. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá an chuimsitheacht chun a áirithiú go mbeidh na Ballstáit leasmhara uile rannpháirteach i bpleanáil agus i gcur chun feidhme idirghabhálacha saineolais na hearnála poiblí faoi chreat ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais.

4. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT go gcruthaíonn an saineolas ón earnáil phoiblí Eorpach iontaoibh fhrithpháirteach idir institiúidí, go gcabhraíonn sé le luachanna Eorpacha a chur chun cinn, lena n-áirítear an dea-rialachas, an smacht reachta, agus an daonlathas, mar aon le leasanna agus caighdeáin Eorpacha agus cur chuige beartais atá riachtanach chun comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fheabhsú. Is maith a oireann a leithéid do chur chuige agus do thionscnaimh na Foirne Eorpaí. An slógadh sin atá á dhéanamh ar shaineolas na hearnála poiblí Eorpaí, is léir anois gur bealach éileamh-dhírithe, saincheaptha, solúbtha, éifeachtúil agus costéifeachtach é chun acmhainn a fhorbairt san earnáil phoiblí agus chun próisis athchóirithe beartais phoiblí a chur chun cinn i dtíortha comhpháirtíochta, bunaithe ar a gcuid riachtanas siúd gona dtosaíochtaí agus a n-úinéireacht chuimsitheach.

5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE Plean Gníomhaíochta Comhpháirteach ón gCoimisiún Eorpach agus Líonraí na gCleachtóirí maidir le saineolas na hearnála poiblí Eorpaí a shlógadh sa chomhar idirnáisiúnta forbraíochta, lena n-iarrtar ar an Aontas agus ar na Ballstáit a gcúnamh teicniúil rialta a mhéadú trí, *inter alia*, saineolas na hearnála poiblí Eorpaí a chur ar fáil.

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur ionstraimí an-tábhachtach iad uirlisí forbartha institiúidí amhail Twinning agus TAIEX chun tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil do riaracháin phoiblí na dtíortha comhpháirtíochta. Is cuid thábhachtach den chúnamh teicniúil é saineolas na hearnála poiblí Eorpaí. Ba cheart é a bheith in ann freagairt don chomhthéacs agus a bheith deartha chun tacú le gníomhaíochtaí an Aontais agus na mBallstát i dtíortha comhpháirtíochta ionas cur chuige comhleanúnach agus comhordaithe a áirithiú maidir le dúshláin forbartha shonracha. Is féidir é a chomhcheangal le módúlachtaí cur chun feidhme eile, mar shampla le comhar triantánach agus tríthaobhach, le cláir tacaíochta buiséid, chun cabhrú le feabhas a chur ar thimpeallacht na hinfheistíochta agus chun an chéad phrionsabal beartais a chur i bhfeidhm trí idirphlé beartais a chothú lena dtreoraítear comhar airgeadais agus infheistíocht i dtreo torthaí forbartha.

7. CUIREANN SÍ I dTREIS a riachtanaí atá sé go sáródh an Coimisiún, an tArdionadaí agus na Ballstáit na srianta agus dúshláin oibríochtúla, riaracháin, airgeadais agus oibríochtúla atá roimh shlógadh an tsaineolais atá ag an earnáil phoiblí Eorpach. Molann an Chomhairle do na Ballstáit rannpháirtíocht a gcuid saineolaithe poiblí i gcúraimí i dtíortha comhpháirtíochta a dhreasú ar an leibhéal institiúideach agus na dídhreasachtaí i ndáil leis sin a bhaint. Ina theannta sin, is díol sásaimh don Chomhairle na hiarrachtaí atá ar bun chun forléargas ar chleachtais a chur le chéile lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin sin chun saineolaithe a shlógadh do shannacháin ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha saineolais na hearnála poiblí. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún togra a thíolacadh maidir le bealach chun cinn a d’fhéadfadh a bheith ann chun na dúshláin sin a shárú.

8. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an comhordú, na sineirgí agus an fhoghlaim idir an tAontas agus a Bhallstáit a neartú, ar an leibhéal polaitiúil agus ar leibhéal na saineolaithe araon, chun an fheasacht a mhéadú maidir leis an tábhacht straitéiseach a bhaineann le saineolas na hearnála poiblí mar chur chun feidhme comhpháirteach agus chun foghlaim ó chláir shaineolais na hearnála poiblí a éascú, ar cláir iad lena dtacaíonn an tAontas agus a chuid Ballstát. Cuireann an Chomhairle chun suntais a thábhachtaí atá sé go mbeadh na Ballstáit rannpháirteach go luath sna próisis chlársceidealaithe chun cur lena rannpháirtíocht i saineolas na hearnála poiblí a chur ar fáil. Thairis sin, leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá ann feabhas a chur ar an gcomhfhoghlaim agus ar chomhroinnt an dea-chleachtais le tíortha comhpháirtíochta d'fhonn saineolas na hearnála poiblí a chur chun cinn a thuilleadh.

9. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá na líonraí reatha amhail Nascadh agus Pointí Teagmhála Náisiúnta na hIonstraime um Chúnamh Teicniúil agus um Malartú Faisnéise, agus aithníonn sí an comhoibriú a bhíonn ar bun laistigh de Líonra na gCleachtóirí, mar fhóraim do thuilleadh sineirgí agus do phlé cuimsitheach agus do mhalartú foghlama cuimsitheach maidir le saineolas na hearnála poiblí. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dea-chleachtais a chur chun cinn agus a mhalartú a thuilleadh maidir leis an mbealach a bhféadfar saineolas na hearnála poiblí Eorpaí a shlógadh chun tacú leis an idirphlé beartais agus le cur chun feidhme Thionscnaimh Fhoireann na hEorpa.

10. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún plé agus comhairliúcháin a éascú a thuilleadh maidir leis an mbealach a bhféadfar leas iomlán a bhaint as saineolas na hearnála poiblí Eorpaí i bhFoireann Eorpach agus i gcur chuige uile-rialtais, agus réimsí sonracha saineolais an Aontais agus na mBallstát á gcur san áireamh, mar aon leis an malartú saineolais ón earnáil phoiblí laistigh den Aontas, agus treoir shimplí sholáimhsithe a chur ar fáil do na Ballstáit de réir mar is iomchuí.